

Conas an Acmhainn seo a úsáid

Fáilte romhat a Mhúinteoir! Is leatsa an Acmhainn seo, i do lámh agus ar líne, le hobair a dhéanamh le do rang ar an dráma a chonaic sibh le chéile, *Jackie*, le Graffiti Theatre Company.

Tá súil againn go mbainfidh tú féin agus na páistí taitneamh ag tairbhe as na gníomhaíochtaí ar fad atá anseo.

Tá cóip chrua agat d'Aonad a hAon den Leabhar Acmhainne, '**Ag Tuiscint an Dráma**' chun tús a chur leis an obair láithreach.

Ansin tá na hAonaid eile, a bhaineann leis na scéalta éagsúla a chonaic sibh sa dráma, ar fáil **ar an idirlíon**. Tabharfaidh sé seo deis duit an Leabhar Acmhainne a nascadh go héasca le **do Chlár Bán**

Idirghníomhach, agus tá **naisc idirlíne** ar fáil tríd na hAonaid ar fad.

Nuair atá nasc YouTube i gceist, tá nasc eile ar fáil freisin, nuair is féidir, dóibh siúd nach bhfuil fail ar YouTube sa scoil.

Nuair atá nasc as Béarla ann, is féidir comhtháthú leis an gCuraclam Béarla más maith leat, nó an nasc a fhágáil amach, nó leagan Gaeilge a aimsiú a dhéanann an rud céanna.

Ag tús gach plean ranga, feicfidh tú **naisc leis an gCuraclam** ag léiriú duit na habhair, na snáithe agus na snáthaonaid a bheidh faoi chaibidil sa plean ranga sin, mar aon leis na **Cuspóirí Foghlama** atá i gceist. Tá súil againn go dtabharfaidh sé seo cabhair duit agus tú ag pleanáil.

Ar ndóigh tá aithne níos fearr agatsa ar do rang féin ná mar atá againne. Tá súil againn go mbeidh na gníomhaíochtaí san Acmhainn seo mar threoir duit agus go ndéanfaidh tú iad a fhorbairt de réir a chéile chun iad a chur in oiriúint do do rang féin. Go n-éirí leat!

Leagan amach:

- Aonad a hAon: Ag Tuiscint an Dráma (cóip chrua agus ar líne)
- Aonad a Dó: Nuair a bhí Joe tinn (ar líne)
- Aonad a Trí: Nuair a bhuail Jackie le cara nua (ar líne)
- Aonad a Ceathair: Nuair a bhí Joe dána (ar líne)